C/2026/735

3.2.2026

**Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2026/735)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

**‘Simojärven muikku’**

**Uimh. AE: PGI-FI-02965 — 15.6.2023**

**ATFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha [an ATFC nó an TGFC]**

‘Simojärven muikku’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Fhionlainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó an táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.7. Éisc, moilisc, agus crústaigh úra agus táirgí díorthaithe

Cód ainmníochta comhcheangailte

03 - ÉISC AGUS CRUSTAIGH, MOILISC AGUS INVEIRTEABRAIGH UISCEACHA EILE

0302 - Éisc, iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh

0303 – reoite, seachas filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Úsáidtear an t-ainm ‘Simojärven muikku’ le haghaidh polláin (Coregonus albula) a ghabhtar i Loch Simojärvi i mbardas Ranua i ndeisceart na Laplainne. Díoltar ‘Simojärven muikku’ úr nó reoite.

Is iad seo a leanas na saintréithe is tábhachtaí atá sna polláin:

— Tá méid bheag in ‘Simojärven muikku’, agus dath geal an airgid air mar thoradh ar dhálaí crua an locha neamh-mhillte. Mar thoradh ar a shuíomh tuaisceartach, tá aeráid is fuaire aige agus bíonn samhraí lán de sholas ann. Mar gheall ar an ngnáthóg, bíonn dath scothchrón dearg ar eochraí na n-iasc, rud a fhágann go bhfuil siad éagsúil le polláin eile a mbíonn eochraí scothbhuí orthu de ghnáth. Is féidir an eochraí a fheiceáil ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Is iondúil go mbíonn na polláin beag, ar an ábhar, go pointe áirithe, go mbíonn na geimhrí fada agus nach mbíonn an loch saor ó oighear ach ar feadh tréimhse ghearr, rud a chiallaíonn go mbíonn bia planctónach gann. Tar éis séasúr fáis amháin, d'fhéadfadh an meánfhad a bheith idir thart ar 4 agus 8 cm. De ghnáth bíonn na polláin a ghabhtar in iascaireacht tráchtála idir 12 agus 20 cm. Bíonn meáchan idir 3 agus 5 ghram in 'Simojärven muikku'. Na polláin a ghabhtar san iascaireacht tráchtála, bíonn meáchan idir 10 agus 70 g iontu. Tá 'Simojärvi vendace' a dhíoltar thart ar 9 cm ar fad, ós rud é go bhfuil dara séasúr fáis na n-iasc tosaithe nuair a ghabhtar iad.

— Bíonn 'Simojärven muikku' beo ar an bplanctón, a bhíonn i láthair sa loch sa samhradh amháin mar gheall go dteastaíonn solas na gréine uaidh d'fhonn iomadú. I ndeireadh an fhómhair ní bhíonn planctón sa loch a thuilleadh agus stadann 'Simojärven muikku' dá mbeathú féin. Nuair nach bhfaigheann na polláin cothú, téann siad ar troscadh le linn an gheimhridh fhada agus crapann a gcuid ionathar, rud a fhágann go bhfuil siad glan le hithe gan iad a dhí-inniú. Is féidir na polláin a ithe aon tráth den bhliain gan iad a ghlanadh.

— Maireann *rigor mortis* ar feadh tréimhse is faide ná mar is gnách i gcás bianna eile. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar mhéid bheag na bpollán.

Tá an táirge daingean agus súmhar.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní itheann 'Simojärven muikku' ach planctón a rugadh i Loch Simojärvi. Féadfaidh na polláin pailin a ithe go heisceachtúil mura bhfuil go leor planctóin ar fáil.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór 'Simojärven muikku' a ghabháil sa limistéar geografach sainithe. Is iad trálaeireacht, saighneoireacht agus faidhclíontóireacht na modhanna iascaireachta atá ceadaithe.

Chun cáilíocht na bpollán a ráthú, ní mór iad a fhuarú trí úsáid a bhaint as sraith thanaí oighir (0 °C uisce) díreach tar éis iad a ghabháil sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

## 4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Is éard atá sa limistéar geografach Loch Simojärvi, atá suite i mbardas Ranua i gCúige na Laplainne.

## 5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an Tásc Geografach faoi Chosaint le haghaidh 'Simojärven muikku' bunaithe ar a shaintréithe sonracha.

Eascraíonn saintréithe sonracha 'Simojärven muikku' as a thimpeallacht gheografach, ar loch neamh-mhillte é ina bhfuil na dálaí crua.

Is é Loch Simojärvi an 50ú loch is mó san Fhionlainn, a dtáirgeann a uiscí glé éisc ghlana. Tá cuid mhór de limistéar Loch Simojärvi faoi chosaint Chlár Caomhantais Bhruacha na Fionlainne, rud a chinntíonn go bhfuil na línte cladaigh is luachmhaire san Fhionlainn fós gan tógáil. Tá limistéar Soppana in aice láimhe faoi chosaint ag Clár Caomhantais na bhForaoisí Seanfháis. Ina theannta sin, baineann cuid shuntasach de limistéir Loch Simojärvi agus Soppana le líonra Natura 2000. Ar an gcúis sin, leanfaidh Loch Simojärvi de bheith ina loch neamh-mhillte neamhrialáilte.

I dtéarmaí a fhána éisc, is cuid luachmhar d'abhantrach draenála Simojoki é Loch Simojärvi. Tá trí speiceas déag éisc le fáil sa loch, amhail treabháillí bréige, polláin, bric locha agus tímill. Uaireanta snámhann bradáin Atlantacha suas Abhainn Simojoki agus isteach sa loch, cé nach dtéann siad isteach in uiscí intíre eile. Is sna haibhneacha a théann isteach i Loch Simojärvi atá pobail diúilicíní péarla fionnuisce, bric gheala agus tímill.

Tá cáil ar Loch Simojärvi mar láthair iascaireachta ó bhí an 16ú haois ann. Tá an tsaighneoireacht thraidisiúnta, a rinneadh ar feadh na gcéadta bliain, bunaithe ar thrédhearcacht eisceachtúil uisce an locha agus ar an táirgeadh príomhúil fairsing a chumasaítear leis na huiscí glana. I rith an tsamhraidh, déantar iascaireacht in uiscí dromchla le titim na hoíche, nuair a ardaíonn an zóplanctón. Nuair a bhíonn an t-uisce téite go déanach sa samhradh, lorgaíonn na polláin uiscí níos fuaire agus níos doimhne, ón áit a ngabhtar iad le saighní grinneallacha. Is iad oícheanta dorcha an fhómhair an t-am le haghaidh iascaireacht faoi sholas na gréine a dhéanamh, agus cé gur annamh a dhéantar í, is rud ar leith í a bhaineann le Loch Simojärvi an ghlanuisce. Déantar iascaireacht ar na polláin ar feadh na bliana ar fad.

Tá méid bheag in 'Simojärven muikku', agus dath geal an airgid air mar thoradh ar dhálaí crua an locha neamhscaipthe. Mar thoradh ar a shuíomh tuaisceartach, tá aeráid is fuaire aige agus bíonn samhraí lán de sholas ann. Bíonn 'Simojärven muikku' beo ar an bplanctón, a bhíonn i láthair sa loch sa samhradh amháin mar gheall go dteastaíonn solas na gréine uaidh d'fhonn iomadú. I ndeireadh an fhómhair ní bhíonn planctón sa loch a thuilleadh agus stadann 'Simojärven muikku' dá mbeathú féin. Nuair nach bhfaigheann na polláin cothú, téann siad ar troscadh le linn an gheimhridh fhada agus crapann a gcuid ionathar, rud a fhágann go bhfuil siad glan le hithe gan iad a dhí-inniú. Is féidir na polláin a ithe ó cheann ceann na bliana gan iad a dhí-inniú.

Tá dath scothchrón dearg ar eochraí 'Simojärvi muikku', rud a fhágann go bhfuil siad éagsúil le polláin eile. De ghnáth, bíonn dath scothbhuí ar eochraí na bpollán agus feictear iad ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna.

Is iondúil go mbíonn na polláin beag, ar an ábhar, go pointe áirithe, go mbíonn na geimhrí fada agus nach mbíonn an loch saor ó oighear ach ar feadh tréimhse ghearr, rud a chiallaíonn go mbíonn bia planctónach gann. Tar éis séasúr fáis amháin, d'fhéadfadh an meánfhad a bheith idir thart ar 4 agus 8 cm. De ghnáth bíonn na polláin a ghabhtar in iascaireacht tráchtála idir 12 agus 18 cm. Bíonn meáchan idir 3 agus 5 ghram in 'Simojärven muikku'. Na polláin a ghabhtar san iascaireacht tráchtála, bíonn meáchan idir 10 agus 25 g iontu. Tá 'Simojärvi muikku' a bhíonn ar díol thart ar 9 cm ar fhad.

Maireann *rigor mortis* ar feadh tréimhse is faide ná mar is gnách i gcás polláin eile. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar mhéid bheag na bpollán.

Tá cúig shéasúr fáis i Loch Simojärvi. Chun a áirithiú go leanfaidh an daonra de bheith faoi bhláth, gabhtar an aicme aoise is láidre agus is flúirsí. Is féidir le méid mhogaill na saighne tionchar a imirt air sin.

Chuidigh imeachtaí éagsúla freisin le clú agus cáil a chur ar 'Simojärven muikku'. Díoladh an táirge ag imeachtaí éagsúla san Fhionlainn agus thar lear ó bhí 1998 ann.

'Chomh luath leis an 18ú céad, bhí an ceart ag áitritheoirí áitiúla Simo chun saighneoireacht a dhéanamh i Loch Simojärvi sa gheimhreadh. Is dócha gurb é sin bunús an ainm "Simojärvi"/"Simolaisten järvi" ("Loch Simo"/"Loch mhuintir Simo"). Tháinig foireann nua iascairí mara chun an locha ag deireadh na 1970idí. Is uathu sin a d'fhoghlaim mé conas saighneoireacht a dhéanamh sa gheimhreadh. Ansin d'úsáideamar piocóid oighir chun briseadh trí mhéadar oighir amháin ar a mhéad chun iascaireacht a dhéanamh; anois is soithí innealta, leatóirí, agus sigirí oighir ina bhfuil mótair leictreacha a bhíonn acu.' (*Lapin Kansa*, 5 Lúnasa 2021)

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

https://www.ruokavirasto.fi/globalassets/elintarvikkeet/elintarvikeala/ainesosat-ja-sisalto/nimisuojatut-tuotteet/hakemus-simojarven-muikku.pdf